# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# EALAÍN

## Sceitseáil Bheo-Ábhair

### Gnáthleibhéal

Tá 50 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 12.5% den mharc iomlán ar an Ealaín

**Dé hAoine, 8 Bealtaine Tráthnóna 2.00 - 3.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí ar **Dé Céadaoin**, **Aibreán 29**

**Treoracha do Mhúinteoirí Ealaíne agus d'Fheitheoirí**

Dhá sceitse den chuspa atá sa scrúdú. Staidiúir cúig nóiméad déag atá sa chéad cheann. Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi agus a thógfaidh timpeall tríocha nóiméad atá sa dara ceann.

**Ní gá don chuspa éadaí ar leith a chaitheamh.**

**Tá gá leis na frapaí seo a leanas:**

- **nuachtán don chéad staidiúir**
- **cathaoir don dara staidiúir.**

Le linn an scrúdaithe, beidh sé de chead ag an gcuspa idir deich agus cúig nóiméad déag a ghlacadh mar thréimhsí sosa. Socrófar iad de réir mar a iarrtar. Cuirfear na tréimhsí sosa san áireamh san uair an chloig atá ceadaithe don scrúdú.

Tá cead ag iarrthóirí leanúint orthu ag obair ar a gcuid líníochtaí le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.

Níl cead ag níos mó ná deichniúr a bheith le haon chuspa amháin agus iad i mbun líníochta. Más mian leo, tá cead ag iarrthóirí suí níos cóngaraí don chuspa le linn an dara staidiúir.

## Treoracha d'iarrthóirí

Iarrtar ort **dhá** líníocht a dhéanamh den chuspa mar seo a leanas:

(a) Staidiúir 15 nóiméad den chuspa, a bhfuil cur síos déanta air sa scrúdpháipéar seo a bheidh sa chéad cheann, **(a) An Chéad Staidiúir,** agus ní mór líníocht den fhíor iomlán a tharraingt.

(b) Líníocht a mbeidh bailchríoch níos iomláine uirthi agus a bhfuil cur síos air sa scrúdpháipéar seo, a bheidh sa dara ceann, **(b) An Dara Staidiúir**, a mhairfidh 30 nóiméad. Tá cead agat an fhíor iomlán **nó** an leathfhíor (an cloigeann agus na guaillí) a roghnú.
N.B. Má roghnaíonn tú an cloigeann agus na guaillí/an leathfhíor, meabhraítear duit **nach leor** an cloigeann agus an muineál amháin a tharraingt. Ní mór duit an staidiúir a tharraingt mar atá sé socraithe agus ar a laghad, an cloigeann, an muineál , na guaillí agus na géaga uachtair a bheith san áireamh.

- Ní mór duit an líníocht a tharraingt ó bhreathnú díreach ar an gcuspa.
- Tá cead agat leanúint ort ag obair ar do chuid líníochta le linn thréimhsí sosa an chuspa agus le linn an tsosa idir na staidiúirí.
- Méid an pháipéir: A2
- Más mian leat páipéar eile a úsáid seachas an páipéar a sholáthraítear, ní mór don fheitheoir an bhileog pháipéir a shíniú **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú go bhfuil sí bán.
- Ní mór bileog ar leith a úsáid do gach staidiúir.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal an scrúdaithe go soiléir ar gach bileog líníochta.
- Tá cead agat aon mheán oiriúnach líníochta a úsáid, dath san áireamh. Ní mór don mheán a roghnaíonn tú triomú go tapa, áfach.
- Is féidir leat breacléiriú ar an gcúlra a thabhairt.
- **Ná déan** do shaothar críochnaithe **a bhearradh ná a fheistiú.**

## (a) An Chéad Staidiúir – Fad ama 15 nóiméad (20 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)easamh agus:***

- an chos chlé chun tosaigh, iompaithe beagáinín ar clé
- an meáchan anuas ar an gcromán deas
- an aghaidh ag féachaint díreach chun tosaigh
- na lámha i bpócaí an bhríste nó na casóige
- nuachtán fillte agus é faoin ascaill dheas.

## (b) An Dara Staidiúir – Fad ama 30 nóiméad (30 marc)

***Tá an cuspa ina s(h)uí caol díreach ar chathaoir agus:***

- na cosa go daingean ar an talamh agus dírithe chun tosaigh
- an cloigeann ag féachaint chun tosaigh
- na géaga fillte ar feadh na coime
- na méara ceilte.

Leathanach Bán